Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2021
(OR. en)

13508/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0351 (NLE)**

**AELE 106**
**EEE 88**
**N 132**
**ISL 82**
**FL 82**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 atá i gceangal leis an gComhaontú LEE a chur chun feidhme |

**CINNEADH (AE) 2021/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 atá i gceangal leis an gComhaontú LEE a chur chun feidhme**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122 agus Airteagal 322(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe chun an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] a chur chun feidhme, agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, d'fhéadfadh Comhchoiste an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch ('Comhchoiste LEE') a chinneadh leasú a dhéanamh ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82, atá i gceangal leis an gComhaontú LEE ('Prótacal 32'), *inter alia* a chur chun feidhme

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 2020/2094[2] ón gComhairle, lenar bunaíodh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, leithdháiltear ioncam sannta seachtrach breise ar an gClár Fís Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], agus ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta arna rialú ag Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Is iomchuí a shoiléiriú i bPrótacal 32, ba cheart, chun críche ranníocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE a ríomh, go méadófaí an bonn don ríomh le leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta seachtrach faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094 i ndáil lena rannpháirtíocht sa chlár sin agus sa sásra sin.

---

[1] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

[2] Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

[3] Rialachán (AE) 2021/695 ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

[4] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 32 a leasú dá réir.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bhunú ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 atá i gceangal leis an gComhaontú LEE a chur chun feidhme, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 "Ní hann do théacs an dréachtchinnidh sa Ghaeilge."